Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir,Sráid an Mhainéir,Baile Átha Cliath 7
T: 01 8676108 R: immunisation@hse.ie LG: www.immunisation.ie

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor St Business Park, Manor St, Dublin 7
Tel: 01 8676108 Email: immunisation@hse.ie
Website: www.immunisation.ie

**22 Deireadh Fómhair 2021**

**Clár Vacsaínithe in aghaidh an Fhliú 2021/2022**

A Phríomhoidí,

Eolas faoin **gclár vacsaínithe do pháistí in aghaidh an fhliú 2021/2022.**

**Is féidir le gach páiste idir 2 agus 17 mbliana d'aois an vacsaín in aghaidh an fhliú a fháil saor in aisce**

Tá an vacsaín shrónach in aghaidh an fhliú ar fáil anois in Éirinn do pháistí idir 2 agus 17 mbliana d'aois. Beidh cleachtais dochtúra agus cógaslanna rannpháirteacha ag cur na vacsaíne ar fáil. Seachadtar mar sprae suas an tsrón é, níl aon gá le hinstealladh. Is bealach sábháilte, furast agus neamhthinneasach é chun cuidiú le páistí a chosaint in éadan an fhliú an geimhreadh seo.

Cuideoidh an vacsaín in aghaidh an fhliú le laghdú a dhéanamh ar scaipeadh an fhliú go daoine eile cosúil le siblíní, tuismitheoirí, múinteoirí atá riosca ard ann go mbuailfidh aimhréidheanna fliú iad (m.sh. torrach nó fadhbanna ainsealacha sláinte) agus seantuismitheoirí.

Tá an vacsaín in aghaidh an fhliú agus a seachadadh saor in aisce do gach duine idir 2 agus 17 mbliana d'aois leis an gclár vacsaínithe FSS.

**Is féidir leis an bhfliú a bheith tromchúiseach do pháistí**

Tá sé dhá oiread níos dóchúla go bhfaighfidh páistí an fliú i gcomparáid le daoine fásta. Cé nach mbíonn siomptóim róláidir ar an gcuid is mó de pháistí, bíonn cuid páistí buailte ag aimhréidheanna cosúil le niúmóine nó broincíteas agus seans go mbeadh orthu dul go dtí an ospidéal. Tá níos mó seans ann do pháistí, go háirithe páistí óga, go dtiocfaidh aimhréidheanna tromchúiseacha an fhliú orthu.

Is féidir leis an bhfliú a bheith mar chúis le breoiteach tromchúiseach i bpáistí, agus tá riosca níos airde ann do pháistí le fadhbanna ainsealacha sláinte go dtiocfaidh aimhréidheanna troma orthu.

I measc siomptóm fliú i bpáistí, tá

- Teocht ard
- Pianta sna matáin
- Tinneas cinn
- Tuirse ollmhór (traochadh)

Iompraíonn páistí an fliú ina gcóras ar feadh níos mó ama ná daoine fásta. Is féidir leo an víreas fliú a scaipeadh go páistí eile go furast, cosúil leo siúd in ionaid cúraim leanaí agus i scoileanna, agus go daoine níos sine agus níos leochailí thart timpeall orthu. Tabharfaidh an vacsaín an chosaint is fearr in aghaidh an fhliú do pháistí.

**Tairbhí níos leithne an vacsaíne in aghaidh an fhliú do pháistí**

Is féidir le páistí atá buailte ag an bhfliú seachtainí a chailleadh ar scoil.

Má tá an vacsaín in aghaidh an fhliú faighte ag go leor páistí, beidh ar níos lú páistí agus daoine fásta cuairt a thabhairt ar a ndochtúir nó coir leighis a bheith acu san ospidéal mar gheall ar an bhfliú.

**An vacsaín shrónach in aghaidh an fhliú agus vacsaíní eile a fháil**

Is féidir le páistí idir 12 agus 17 mbliana d'aois an vacsaín in aghaidh an fhliú a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 mura bhfuil sé faighte acu cheana.

Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir,Sráid an Mhainéir,Baile Átha Cliath 7
T: 01 8676108 R: immunisation@hse.ie LG: www.immunisation.ie

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor St Business Park, Manor St, Dublin 7
Tel: 01 8676108 Email: immunisation@hse.ie
Website: www.immunisation.ie

Is féidir le páistí an vacsaín shrónach in aghaidh an fhliú a fháil go sábháilte ag an am céanna nó roimh agus tar éis vacsaín ar bith eile a fhéadfar a thairiscint dóibh leis an gClár Imdhíonta le haghaidh Scoileanna de chuid an FSS. Cuirtear an vacsaín ceithre ghalar agus an vacsaín MMR ar fáil do dhaltaí i Naíonáin Bheaga agus cuirtear na vacsaíní HPV, Tdap agus MenACWY ar fáil do dhaltaí sa Chéad Bhliain.

**Ag tacú leis an gclár fliú i mbliana**

Mar gheall ar shrianta sláinte poiblí, bhí laghdú suntasach leis an méid fliú a bhí ag dul thart na séasúr seo caite. De bharr seo, áfach, tá seans go bhfuil laghdú tagtha ar imdhíonacht an phobail agus go bhfuil méadú tagtha ar leochaileacht i dtaca leis an bhfliú an séasúr seo. Chomh maith leis sin, tá fianaise ann go bhfuil méadú tagtha ar imshruthú víreas riospráide eile cosúil leis an Víreas Sincítiach Riospráideach (RSV) i mbliana. Leis an maolú ar shrianta, tá seans ann go bpreabfaidh na fliú agus cásanna COVID-19 ar ais, rud a bheadh tionchar aige ar ár scoileanna.

Mar sin de, i mbliana tá sé níos tábhachtaí ná riamh go bhfuil an vacsaín faighte go luath ag páistí agus ag an daonra atá i mbaol, ionas go mbeidh siad cosanta ón bhfliú. Is í an vacsaín in aghaidh na fhliú an chosaint is fearr atá againn in éadan an fhliú.

Bheimis an-bhuíoch dá mbeadh sibh ábalta deiseanna cuí a ghlacadh chun an vacsaín in aghaidh na fhliú a chur chun cinn le tuismitheoirí agus fíricí faoin bhfliú a chur chun cinn (ceangailte le deireadh na bileoige seo).

Féadfar na hacmhainní seo a leanas a bheith úsáideach daoibh:

- Suíomh gréasáin fliú an FSS: www.hse.ie/flu. Tá níos mó eolais ann freisin faoi na trí vacsaín in aghaidh an fhliú atá ar fáil i mbliana (lena n-áirítear na vacsaíní in-insteallta do dhaoine fásta) agus gach duine a moltar dóibh an vacsaín in aghaidh an fhliú a fháil.
- Bileog eolais do thuismitheoirí (i mBéarla agus aistriúcháin ar fáil ar an suíomh gréasáin fliú): https://bit.ly/LAIVLeafletIrish
- Póstaer ar an vacsaín in aghaidh an Fhliú do Pháistí (i mBéarla agus aistriúchán Gaeilge ar fáil ar an suíomh gréasáin fliú): https://bit.ly/LAIVPosterIrish

Mar is gnách, gabhaimid buíochas libh as ucht bhur dtacaíocht leanúnach don gclár vacsaíne in aghaidh an fhliú.

Is mise le meas,

Stiúrthóir na Sláinte Poiblí
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta
MRCN 424447

# Vacsaín Fliú do pháistí 2-17 mbliana d'aois



## Scaip fíricí an fhliú, ní an víreas fliú

**FÍRIC ✓** In Éirinn idir 2009 agus 2019, tógadh isteach beagnach 5000 páiste san ospidéal le deacrachtaí fliú. Bhí ar bheagnach 200 páiste cóireáil a fháil i ndianchúram agus fuair 40 páiste bás. Foinse: (HPSC)

**FÍRIC ✓** Is féidir le duine ar bith an fliú a fháil. Fanann an víreas fliú i gcórais páistí ar feadh níos mó ama ná daoine fásta, agus mar sin de is furasta ar féidir leo an fliú a scaipeadh ar phaistí eile agus ar dhaoine scothaosta agus leochaileacha timpeall orthu.

**FÍRIC ✓** Cosnaíonn an vacsaín fliú sróine ar na tréithchineálacha céanna leis an vacsaín a thugtar do ghrúpaí i mbaol agus do dhaoine 65+. Ba chóir do pháistí idir 2 bhliain d'aois agus 17 mbliana d'aois an vacsaín fliú a fháil gach séasúr.

**FÍRIC ✓** Fuarthas amach go bhfuil an vacsaín fliú sróine níos éifeachtaí do pháistí ná an t-instealladh fliú.

**FÍRIC ✓** Is é an vacsaín fliú sróine an vacsaín a mholtar do pháistí atá i ngrúpaí atá i mbaol agus a bhfuil riochtaí orthu mar ghalair ainsealacha croí, ae nó riospráide.

**FÍRIC ✓** Ní féidir leat an fliú a fháil ón vacsaín fliú agus ní féidir leat an fliú a scaipeadh ar dhaoine eile tar éis duit an vacsaín fliú sróine a fháil.

**FÍRIC ✓** Beidh 2 dháileog den vacsaín fliú sróine, agus 4 seachtaine idir eatarthu, ag teastáil ó líon beag páistí idir 2 bhliain d'aois agus 8 mbliana d'aois atá i mbaol agus nach raibh an vacsaín fliú riamh acu.

**FÍRIC ✓** Tá an vacsaín fliú sróine an-sábháilte. D'fhéadfadh go mbeadh srón phlúchta nó snón ar sileadh agus pianta ag roinnt páistí agus d'fhéadfadh go mbeadh teocht mhéadaithe acu tar éis dóibh an vacsaín a fháil ach bíonn sé éadrom go leor de ghnáth agus imíonn sé leis de réir a chéile. Is annamh a bhíonn frithghníomhuithe ann.

**FÍRIC ✓** Tá an vacsaín fliú do pháistí á tabhairt do pháistí ó 2003 ar aghaidh i SAM, ó 2013 ar aghaidh sa Ríocht Aontaithe agus ó 2020 ar aghaidh in Éirinn.

**FÍRIC ✓** Léirigh staidéar ón Ríocht Aontaithe laghdú 94% ar pháistí in aois bunscoile agus laghdú 59% ar dhaoine fásta a théann chuig an dochtúir teaghlaigh le haghaidh comhairliúcháin le breoiteacht cosúil le fliú tar éis an vacsaín fliú a thabhairt isteach do pháistí. Foinse: (G Kassianos, et al)